Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2026
(OR. en)

11257/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0239(COD)**

**COH 125**
**SOC 466**
**SAN 556**
**CADREFIN 315**
**POLGEN 183**
**CODEC 1339**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de chreat na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) [maidir le Pleananna CNR], agus ar Ciste é lena mbunaítear coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas d'fhostaíocht ardcháilíochta, scileanna agus cuimsiú sóisialta a chur chun feidhme le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034<br>*– Cur chuige ginearálta páirteach* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis téacs an chur chuige ghinearálta pháirtigh maidir leis an dréacht-Rialachán thuasluaite, ar thángthas air ag cruinniú den Chomhairle (Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí) an 29 Meitheamh 2026[1]. Léirítear na hathruithe a rinneadh ar an gcéad leagan den togra ón gCoimisiún i g**cló trom** i gcás téacs a cuireadh isteach agus le [...] i gcás téacs a scriosadh.

[1] Eisiatar na **[**forálacha idir lúibíní**]** ón gcur chuige ginearálta páirteach.

2025/0239 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**[…] maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid den Chiste […] a leagtar amach i Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le pleananna CNR] agus lena mbunaítear coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas d'fhostaíocht ardcháilíochta, scileanna agus cuimsiú sóisialta a chur chun feidhme […] ó 2028 go 2034**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 164[…] agus **an tríú mír d'**Airteagal […]**175** de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Samhain 2017, rinne Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a fhógairt i gcomhpháirt le chéile, mar fhreagairt ar na dúshláin shóisialta san Eoraip. […] An 4 Márta 2021, chuir an Coimisiún Plean Gníomhaíochta chun cinn maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta […], lena n-áirítear príomhspriocanna de chuid an Aontais do 2030, ar spriocanna iad atá uaillmhianach ach réadúil, maidir le fostaíocht (gur cheart 78 % ar a laghad den daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith i mbun fostaíochta), scileanna (gur cheart 60 % ar a laghad de na daoine fásta uile a bheith rannpháirteach in oiliúint gach bliain) agus laghdú na bochtaineachta (gur cheart ar a laghad 15 mhilliún níos lú daoine a bheith i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear 5 mhilliún leanbh […]) agus fospriocanna comhlántacha, chomh maith le Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe. Chun rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, le Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) Ba cheart tacú le hinfheistíochtaí i ndaoine agus leasuithe ar na córais i réimse beartais na fostaíochta, an oideachais agus an chuimsithe shóisialta, agus ar an gcaoi sin tacú le comhtháthú eacnamaíoch, críochach agus sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 174 den Chonradh **ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)**.

(2) Is príomhionstraim iad na treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát, dá bhforáiltear in Airteagal 148(2) […] **CFAE (‘na treoirlínte fostaíochta’)**, a ghlacann an Chomhairle go bliantúil i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, maidir le beartais fostaíochta agus shóisialta an Aontais agus beartais fostaíochta agus shóisialta náisiúnta a chomhordú. […] Cuireann **na treoirlínte fostaíochta** tosaíochtaí agus spriocanna coiteanna ar fáil maidir le beartais fostaíochta, oideachais, scileanna agus shóisialta d’fhonn iomaíochas an Aontais a fheabhsú agus áit níos fearr a dhéanamh de chun infheistíocht a dhéanamh, fostaíocht a chruthú agus comhtháthú sóisialta a chothú. Is é CSE príomhionstraim an Aontais chun tacú leis na treoirlínte do bheartas fostaíochta agus chun cuspóirí an Aontais i mbeartais fostaíochta agus shóisialta a bhaint amach. Comhlánaíonn na treoirlínte fostaíochta prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Sa chomhthéacs sin, Ba cheart […] Cinneadh (AE) … ón gComhairle[2] [Treoirlínte fostaíochta le glacadh ag an gComhairle faoin 1 Eanáir 2027 ar a dhéanaí] a **úsáid mar thagairt chun bonn eolais a chur faoi chlársceidealú CSE [le haghaidh 2028 go 2034]**.

(3) Ar leibhéal an Aontais, is é an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch an creat a úsáidtear chun tosaíochtaí […] athchóirithe **ábhartha** a shainaithint agus chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtosaíochtaí sin […]. Ba cheart an creat sin a bheith ina bhonn chun cistiú ón Aontas a úsáid ar bhealach comhleanúnach, lena n-áirítear d’fhonn breisluach na tacaíochta airgeadais a bheidh le fáil a uasmhéadú.

(4) Tá dúshláin struchtúracha os comhair an Aontais a eascraíonn as na nithe seo a leanas: domhandú eacnamaíoch, slabhraí soláthair leochaileacha, bainistiú sreafaí imirce agus an bhagairt slándála níos mó […] **agus bagairtí hibrideacha mar thoradh ar chogaí ag teorainneacha an Aontais, go háirithe cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin**, an t-aistriú chuig fuinneamh glan […] agus **an t-aistriú digiteach**, an t-athrú teicneolaíoch agus an t-athrú déimeagrafach, lucht saothair atá ag dul in aois, **neamhionannais shóisialta, bearna mhór fostaíochta idir na hinscní,** easpa tithíochta sóisialta **agus inacmhainne, bochtaineacht, lena n-áirítear bochtaineacht leanaí,** agus ganntanais scileanna agus saothair atá ag méadú in go leor earnálacha agus réigiún**, ag a mbíonn tionchar faoi leith ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).**

---

2 Cuir isteach an tagairt foilseacháin

(5) […]

(6) […]Thairis sin […], tá sciar beag marbhánta den daonra ag a bhfuil oideachas treasach i roinnt réigiún, rud a fhágann gur deacair caillteanas oibrithe a chúiteamh le táirgiúlacht oibre níos airde. […] **Dá bhrí sin**, Ba cheart don Aontas […] **ullmhú do dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo trí infheistíocht a dhéanamh i scileanna ábhartha** […]**, tríd an bhfás a dhéanamh níos cuimsithí agus trí thacú le** […] méadú […] ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair […], go háirithe i measc ban, **daoine** óga agus daoine faoi mhíchumas, […] **agus aghaidh a thabhairt ar an gcaoi sin ar an mbearna idir na hinscní san fhostaíocht agus tacaíocht a thabhairt** do chothromaíocht shláintiúil oibre agus saoil […].

(7) An 29 Eanáir 2025, thíolaic an Coimisiún […] a **theachtaireacht dar teideal** 'Compás Iomaíochais […] **don Aontas Eorpach**', **agus an 26 Feabhra 2025, ghlac an Coimisiún a Theachtaireacht dar teideal 'An Comhaontú maidir le […] Tionsclaíocht** Ghlan: **Treochlár comhpháirteach** don iomaíochas **agus don dícharbónú'. i bhfianaise na dtionscnamh sin, tá sé sár-riachtanach aitheantas a thabhairt do ról ríthábhachtach na** […] scileanna […] maidir le hiomaíochas a **áirithiú** […] **agus aistriú rathúil cóir chuig** todhchaí **thionsclaíoch níos glaine agus níos** iomaíche a **éascú** […] **laistigh** den Aontas […].

(8) […]

(9) Is é is aidhm d'Aontas na Scileanna tacú le córais oideachais, oiliúna agus scileanna atá ar ardcháilíocht, cuimsitheach agus inoiriúnaithe a fhorbairt chun iomaíochas, ullmhacht, slándáil agus daonlathas an Aontais a mhéadú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAontas na Scileanna, Ba cheart don Aontas cistiú leordhóthanach a áirithiú chun bonn láidir scileanna a thógáil agus deiseanna uas-scilithe agus athscilithe ar feadh an tsaoil atá dírithe ar an todhchaí a chur chun cinn do chách, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú digiteach, **lena n-áirítear dúshláin arna spreagadh ag an intleacht shaorga)**, agus leis **an aistriú** [… ] glas […]. Cuirfidh sé sin le scileanna digiteacha agus le heochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin go háirithe, ach chomh maith leis sin, cuirfidh sé le scileanna chun tacú le hearnálacha a bheidh ag teacht chun cinn, d'fhonn daoine a **chur ar a gcumas** scileanna a **fháil** a bheidh in oiriúint don digiteáil, d'athruithe a bheidh spreagtha ag an teicneolaíocht agus ag an nuálaíocht agus don athrú sóisialta agus eacnamaíoch, **leithscaradh inscne sa mhargadh saothair a laghdú**, aistrithe gairme beatha **agus** soghluaisteacht a éascú**,** agus tacú go háirithe le **daoine** […] ar **bheagán** scileanna nó cáilíochtaí. i gcomhréir le hAontas na Scileanna, ní mór aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach trí oibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú, agus an t-oideachas **agus an oiliúint** a ailíniú le **riachtanais** […] mhargadh an **tsaothair** […].

(10) **[**Le Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna CNR], bunaítear na rialacha ginearálta maidir le **Pleananna** […]Comhpháirtíochta Náisiúnta **agus** Réigiúnaí […] ('**Pleananna** […] CNR') agus leagtar síos ann, go háirithe, na cuspóirí a mbeidh tacaíocht le fáil acu ó na […] Pleananna CNR agus na rialacha a bhaineann leis na Pleananna sin a ullmhú, a chur chun feidhme, a bhainistiú[…], a rialú **agus a iniúchadh**. Tá CSE ar cheann de na cistí a dhéantar a réamh-leithdháileadh ar bhonn náisiúnta agus a ghrúpáiltear faoi **Phleananna** CNR […], i gcomhréir le Rialachán (AE) [...] [an Rialachán maidir le **Pleananna CNR**]. Is gá, dá bhrí sin, raon feidhme thacaíocht CSE a shoiléiriú i ndáil leis na cuspóirí a leagtar amach sa […] Rialachán maidir le **Pleananna CNR** agus forálacha sonracha a leagan síos maidir le CSE a chur chun feidhme.**]**

(11) […]

(12) **[**Chun sochaithe na hEorpa agus samhail shóisialta na hEorpa a neartú, Ba cheart do na Ballstáit íosmhéid acmhainní a leithdháileadh ar CSE faoina bPleananna CNR […] arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) [[…] an Rialachán maidir le **Pleananna CNR**]**.]** Mar gheall ar chineál agus déine éagsúil na ndúshlán socheacnamaíoch éagsúil idir na Ballstáit **agus laistigh** díobh, tá gá le cur chuige níos solúbtha maidir le clársceidealú […], agus na héagothromaíochtaí sóisialta […] **agus na dúshláin atá os comhair na mBallstát á gcur san áireamh**, **agus é á áirithiú ag an am céanna go ndéanann** na Ballstáit […] **acmhainní a leithdháileadh ar bhearta lena dtugtar aghaidh ar phríomhdhúshláin shóisialta ar leibhéal an Aontais, is iad sin fostaíocht don aos óg, tacaíocht do na daoine is díothaí, bochtaineacht leanaí agus cuimsiú** sóisialta […].

(13) Le CSE, Ba cheart tacú le fostaíocht, **féinfhostaíocht san áireamh**, le rochtain chomhionann do chách ar an margadh saothair, le dálaí oibre cothroma agus ar ardchaighdeán agus le soghluaisteacht lucht saothair. Le CSE, Ba cheart tacú leis na Ballstáit maidir le cúnamh éifeachtach, tráthúil, comhordaithe agus saincheaptha a chur ar fáil do **dhaoine** [...] dífhostaithe [...] agus neamhghníomhacha trí bhíthin cúnamh **lena gcuimsítear** tacaíocht le haghaidh cuardaigh poist, oiliúint, uas-sciliú agus athsciliú agus rochtain ar sheirbhísí cumasaithe eile, agus aird ar leith á tabhairt ar **dhaoine** [...] i gcásanna leochaileacha agus ar **dhaoine** [...] a ndéanann an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach nó suaití sa mhargadh saothair difear dóibh, agus orthu siúd is faide ó mhargadh an tsaothair. **Ba cheart do CSE leanúint d'úsáid a bhaint as acmhainneacht an gheilleagair shóisialta chun poist ardcháilíochta a chruthú agus a choinneáil.** Ba cheart do CSE leanúint de bheith ag díriú ar dhífhostaíocht i measc na hóige agus ar shaincheist na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna), [...] trí luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a chosc, agus trí **fheabhas** [...] struchtúrach a **chur** ar an aistriú ón scoil go dtí an obair, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg a chur chun feidhme go hiomlán, rud Ba cheart tacú freisin le deiseanna fostaíochta ardcháilíochta don aos óg [...]

(14) Le CSE, Ba cheart cur leis an soláthar saothair agus feabhas a chur ar oideachas agus ar oiliúint agus ar shealbhú scileanna ar feadh an tsaoil. Go háirithe, le CSE Ba cheart cuidiú le dul chun cinn san oideachas agus san oiliúint agus san aistriú chuig an obair, tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear foghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a tharlaíonn ag gach céim den saol, **aithint cáilíochtaí** agus an infhostaitheacht, agus cur le hiomaíochas agus le nuálaíocht shochaíoch agus eacnamaíoch trí thacú le tionscnaimh inscálaithe agus inbhuanaithe sna réimsí sin. […]

(15) Ba cheart **tacaíocht trí** CSE [...] a **úsáid chun comhionannas inscne agus comhdheiseanna do chách a chur chun cinn, chun tacú le líontáin láidre sábhála sóisialta, chun cuimsiú sóisialta agus cothroime idirghlúine a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac.** Le CSE, Ba cheart tacú le [...] h**iarrachtaí** na mBallstát **dul i ngleic leis an mbochtaineacht, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar dhíth ábharach, d'fhonn timthriall an mhíbhuntáiste ó ghlúin go glúin a bhriseadh agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí chomhionannas deiseanna a áirithiú do chách, aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú agus** [...] **dul i ngleic le** [...] **héagothromaíochtaí sláinte. Is éard atá i gceist leis sin raon beartas a shlógadh lena ndíreofar ar na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste gan beann ar a n-aois,** lena n-áirítear leanaí [...] **atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, pobail imeallaithe amhail na Romaigh, náisiúnaigh tríú tír,** lena n-áirítear […] **imircigh, daoine bochta atá ag obair agus na daoine is díothaí. Le CSE, Ba** cheart [...] **cuimsiú gníomhach daoine atá i bhfad amach ón margadh saothair a chur chun cinn, d'fhonn a lánpháirtiú socheacnamaíoch a áirithiú.** Ba cheart do CSE [...] **dul i ngleic freisin leis an easpa dídine, lena n-áirítear trí bhearta coisctheacha agus maolaithe i gcomhréir le Dearbhú Liospóin maidir leis an Ardán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac 2021.**

(16) Le [...] CSE, Ba cheart [...] **an rochtain ar sheirbhísí a éascú,** lena n-áirítear [...] **trí thacaíocht a thabhairt do nuachóiriú, digiteáil agus athléimneacht seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh. Is coinníoll riachtanach é seirbhísí inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta a bheith ar fáil** chun comhdheiseanna [...] agus **soghluaisteacht an lucht saothair** a áirithiú. […] **Le CSE, Ba cheart a áirithiú** go mbeidh rochtain ag cách, lena n-áirítear leanaí, […] i **gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, ar sheirbhísí fíor-riachtanacha ar ardchaighdeán. Ba** cheart [...] **riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear inrochtaineacht, agus maireachtáil neamhspleách, a chur san áireamh i ndáil leis na seirbhísí sin.** Le CSE, Ba cheart [...] **rannchuidiú le nuachóiriú córas cosanta** sóisialta [...] **d'fhonn na** [...] **córais sin a dhéanamh níos inrochtana, go háirithe.**

**(16a) Idir seo agus 2040, beidh thart ar aon mhilliún duine níos lú i margadh saothair an Aontais gach bliain. Ag an am céanna, tá an t-ionchas saoil ag méadú. Tá impleachtaí aige sin do shochaithe agus do mhargaí saothair an Aontais. i dteannta a chéile, beidh brú breise ar chórais leasa shóisialaigh na mBallstát dá bharr, rud a chuirfidh inbhuanaitheacht agus leordhóthanacht na gcóras faoi bhrú. Cuirfidh sé sin éilimh éagsúla ar chórais sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh, agus ar na daoine atá ag obair sna hearnálacha sin. Tiocfaidh méadú ar ghanntanais saothair agus scileanna, rud a chuirfidh brú ar an bhfás eacnamaíoch agus ar an iomaíochas. Ba cheart do CSE tacú le tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh a mhaolú trí chuir chuige chomhtháite i bhfoirm athchóirithe beartais agus infheistíochtaí i gcaipiteal daonna araon, agus éagothromaíochtaí críochacha agus réigiúin atá thíos go mór leis an meath déimeagrafach á gcur san áireamh, lena n-áirítear oileáin, ceantair iargúlta agus i gceantair inar tearc an daonra agus teorainneacha seachtracha. Mar a cuireadh i dtábhacht sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le réigiúin thoir an Aontais atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise nó na hÚcráine, tá dúshláin amhail dídhaonrú, sochaí atá ag dul in aois, dlús íseal daonra, coinneáil íseal na hóige, agus ganntanais saothair, mar aon le dúshláin slándála, lena n-áirítear bagairtí hibrideacha agus bréagaisnéis, ag cur isteach ar fhás agus ar rathúnas réigiúin teorann an Oirthir.**

**(16b) Tá sé bunriachtanach tacú leis an nuálaíocht shóisialta mar spreagadh don chóineasú sóisialta aníos. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh nuálaíocht shóisialta an próiseas nuálaíochta ina iomláine, ó riachtanais shóisialta a shainaithint agus fréamhshamhaltú, trí thástáil agus bailíochtú, go dtí scálú agus institiúidiú deiridh samhlacha rathúla go beartas poiblí.**

(17) Is [...] **comh**luachanna bunúsacha de chuid an Aontais iad prionsabail an daonlathais, an smachta reachta agus cosaint agus **neartú** na gceart bunúsach, **mar a leagtar amach i mbrollach Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').** Is luachanna bunúsacha iad sin do gach uile dhuine, go háirithe dóibh siúd is leochailí. Thairis sin, tá siad [...] **bunriachtanach** chun CSE a chur chun feidhme go héifeachtach. Dá bhrí sin, le CSE Ba cheart tacú freisin leis na luachanna sin a chur chun cinn agus a chur chun feidhme don uile dhuine. Ba **cheart do** […] CSE freisin aghaidh a thabhairt ar chearta daoine faoi mhíchumas a chumhdaítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Ba […] **cheart** a áirithiú leis comhleanúnachas le hAontas an Chomhionannais freisin agus lena […]**straitéisí** gaolmhara arb é is aidhm dóibh idirdhealú atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar ghnéaschlaonadh a chomhrac agus Ba cheart a áirithiú leis comhtháthú sóisialta trí shochaithe atá bunaithe ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha an duine agus atá oscailte, daonlathach, comhionann agus cuimsitheach a chothú agus a fhorbairt. **Ba cheart do CSE tacú freisin le bearta chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, lena n-áirítear trí bhearta coisctheacha.**

(18) Ceanglaítear le Rialachán (AE) [[…] an Rialachán **maidir le Pleananna CNR**] go n-urramóidh na Ballstáit prionsabail chothrománacha maidir leis na […] Pleananna **CNR a** ullmhú agus a chur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, Ba cheart na Ballstáit a spreagadh freisin CSE a úsáid chun [...] **tacú** le gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun prionsabail chothrománacha a chur chun cinn amhail […]comhionannas inscne[…]**,** **neamh-idirdhealú**, inrochtaineacht seirbhísí do **dhaoine** faoi mhíchumas**, agus rannpháirtíocht ghníomhach daoine** […] faoi mhíchumas [...].

(19) **Maidir le** […] **sonraí pearsanta a phróiseáil faoi chuimsiú an Rialacháin seo, Ba cheart do rialaitheoirí sonraí náisiúnta a gcúraimí a dhéanamh chun críocha an Rialacháin seo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint** na hEorpa **agus ón gComhairle**[3]**. Ba** cheart **dínit agus príobháideachas na ndaoine is díothaí a fhaigheann bia agus/nó cúnamh ábharach bunúsach** […] a **ráthú. Chun aon stiogmatú a sheachaint, agus i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna CNR] agus Rialachán (AE) [an Rialachán Feidhmíochta], níor cheart a cheangal ar na daoine a fhaigheann bia agus/nó cúnamh ábharach bunúsach iad féin a shainaithint agus tacaíocht á fáil acu, ach amháin más gá sin**.

(20) […]

(21) […]

---

[3] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

(22) […]

(23) Braitheann cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil na ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CSE ar dhea-rialachas agus ar chomhpháirtíocht idir na gníomhaithe ar fad ar na leibhéil chríochacha is ábhartha agus na gníomhaithe socheacnamaíocha, go háirithe na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach go spreagfadh na Ballstáit rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí shibhialta i gcur chun feidhme CSE. Ba cheart do na Ballstáit a bhfuil moladh tírshonrach faighte acu sa réimse sin fothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta[…] a chur chun cinn.[…] Ba **cheart do CSE tacú le hinstitiúidí agus seirbhísí margaidh saothair, oideachais, sóisialta agus sláinte a nuachóiriú**.

(24) Agus saintréithe agus srianta speisialta na réigiún is forimeallaí á gcur san áireamh, i **gcomhréir le hAirteagal 349 CFAE**, Ba cheart do na Ballstáit bearta a áireamh ina gCaibidil maidir leis na réigiúin is forimeallaí […] chun feabhas a chur ar an bhfostaíocht agus ar shoghluaisteacht an lucht saothair, ar […] oideachas agus scileanna […], **agus** ar an gcuimsiú sóisialta**, lena n-áirítear bearta soghluaisteachta**.

(25) Maidir le [...] **cuspóirí** an Rialacháin seo, is iad sin feabhas a chur ar éifeachtacht na margaí saothair agus rochtain ar fhostaíocht ardcháilíochta a chur chun cinn, feabhas a chur ar an rochtain ar oideachas agus ar oiliúint agus ar cháilíocht an oideachais agus na hoiliúna sin, cuimsiú sóisialta agus an tsláinte a chur chun cinn agus an bhochtaineacht a laghdú, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit iad a bhaint amach go leordhóthanach ach gur féidir iad a baint amach ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun […] **na cuspóirí sin** a ghnóthú.

**(25a) Chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar agus chun gur féidir cur chun feidhme comhleanúnach tráthúil a dhéanamh ó thús chreat airgeadais ilbhliantúil 2028 go 2034, Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,**

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

(1) **[**Leagtar síos leis an Rialachán seo coinníollacha sonracha maidir le cur chun feidhme Chiste Sóisialta na hEorpa le haghaidh chlárthréimhse 2028-2034 mar chuid den tacaíocht ón Aontas i gcomhréir leis na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán XX [an Rialachán maidir le Pleananna CNR], agus go háirithe pointí (b) agus (e) de.

(2) Cuirfear an tacaíocht sin ón Aontas ar fáil faoin bPlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) [...] [[…]an Rialachán maidir le **Pleananna CNR**].**]**

*Airteagal 2*

**Tacaíocht ó CSE**

(1) Tacóidh Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) leis na cuspóirí sonracha **ábhartha** a leagtar amach in Airteagal 3**(1), agus go háirithe** i **bpointí (c)(i) go (c)(v) agus pointe (e)(i) de,** de Rialachán […] **(AE)** [[an Rialachán **maidir le Pleananna CNR**].

(2) […] Chun críocha Airteagal 2, mír (b) de Rialachán […] **(AE) [an Rialachán maidir le Pleananna CNR**]**, beidh an úsáid a bhainfidh na Ballstáit as CSE, i gcás inarb ábhartha**, bunaithe ar na treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát, dá bhforáiltear in Airteagal […]**148(2) CFAE**, a leagtar amach i […] gCinneadh (AE) xxxx [Treoirlínte fostaíochta le glacadh ag an gComhairle faoin 1 Eanáir 2027 ar a dhéanaí].

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

**Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:**

**(1) ciallaíonn 'nuálaíocht shóisialta' gníomhaíocht, atá sóisialta ó thaobh a cuspóra agus a hacmhainní de araon agus go háirithe gníomhaíocht a bhaineann le forbairt agus le cur chun feidhme smaointe nua a bhaineann le táirgí, seirbhísí, cleachtais agus samhlacha a fhreastalaíonn ar riachtanais nó dúshláin shóisialta agus, san am céanna, a chruthaíonn saghsanna nua caidrimh nó comhair shóisialta idir eagraíochtaí poiblí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta nó eagraíochtaí príobháideacha agus, dá bharr sin, a dhéanann leas na sochaí agus a threisíonn freisin cumas na sochaí chun gníomhú;**

**(2) ciallaíonn 'na daoine is díothaí' daoine nádúrtha, cibé acu daoine aonair, teaghlaigh nó grúpaí de na daoine sin iad, lena n-áirítear leanaí i gcásanna leochaileacha agus daoine gan dídean, ar suíodh a ngá le cúnamh de réir na gcritéar oibiachtúil a leag na húdaráis inniúla síos i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha, agus a bhféadfaidh eilimintí a bheith ar áireamh iontu lena mbeifear in ann díriú ar na daoine is díothaí i limistéir gheografacha ar leith.**

**(3) ciallaíonn 'cúnamh ábharach bunúsach' earraí a fhreastalaíonn ar riachtanais bhunúsacha duine ionas go bhféadfaidh an duine sin a shaol a chaitheamh le dínit, amhail éadach, earraí sláinteachais, lena n-áirítear táirgí sláinteachais do mhná, agus ábhar scoile;**

**(4) ciallaíonn 'beart tionlacain' gníomhaíocht a dhéantar sa bhreis ar dháileadh bia agus/nó cúnaimh ábharaigh bhunúsaigh agus é mar aidhm acu aghaidh a thabhairt ar an eisiamh sóisialta agus rannchuidiú leis an mbochtaineacht a dhíothú, amhail daoine a chur ar aghaidh chuig seirbhísí sóisialta agus sláinte nó na seirbhísí sin a sholáthar, tacaíocht shíceolaíoch san áireamh, faisnéis ábhartha a sholáthar faoi sheirbhísí poiblí nó comhairle faoi bhuiséad teaghlaigh a bhainistiú;**

*Airteagal 4*

**Nuálaíocht shóisialta**

(1) **Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a thabhairt don** nuálaíocht shóisialta […] sna réimsí a thagann faoi raon feidhme CSE, go háirithe chun réitigh nuálacha a thástáil, a mheas agus a uas-scálú, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shóisialta i gcomhpháirtíocht leis na comhpháirtithe ábhartha […]**, lena n-áirítear údaráis phoiblí**, **na** comhpháirtithe sóisialta**, eintitis de chuid an gheilleagair shóisialta, an earnáil phríobháideach agus an tsochaí shibhialta**.

(2) Úsáidfidh an Coimisiún cúnamh teicniúil ar a thionscnamh féin, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) [[…]an Rialachán maidir le Pleananna **CNR**] chun fothú acmhainneachta le haghaidh na nuálaíochta sóisialta a éascú, go háirithe trí thacú le foghlaim fhrithpháirteach, comhar trasnáisiúnta a **dhéanamh**, líonraí a bhunú, agus dea-chleachtais agus dea-mhodheolaíochtaí a scaipeadh agus a chur chun cinn.

*Airteagal 5*

**Tacaíocht maidir leis an athrú […] déimeagrafach**

**Féadfaidh** na Ballstáit agus na réigiúin […] cur chuige comhtháite a leagan amach i gcaibidil thiomnaithe amháin nó níos mó den Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a eascróidh as […] an **athrú** […] déimeagrafach.

*Airteagal 6*

**Tacaíocht do na daoine is díothaí**

(1) Tabharfaidh […] na Ballstáit tacaíocht **do na daoine is díothaí** chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábharach trí bhia a dháileadh […] **agus/nó cúnamh ábharach bunúsach nó trí ghníomhaíochtaí cuimsithe shóisialta, agus lánpháirtiú sóisialta na ndaoine is díothaí mar sprioc acu. Tacaíocht i bhfoirm bia agus/nó cúnamh ábharach bunúsach a bheith á ndáileadh**, beidh sí i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí tomhaltais. **Beidh tacaíocht do na daoine is díothaí sa bhreis ar aon sochar sóisialta a d’fhéadfadh córais shóisialta náisiúnta a sholáthar nó a d’fhéadfaí a sholáthar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.**

(2) Is ar bhonn critéir oibiachtúla a bhaineann le riachtanais na ndaoine is díothaí a roghnóidh na Ballstáit agus na tairbhithe an bia agus/nó an cúnamh ábharach bunúsach. Cuirfear gnéithe a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol san áireamh chomh maith sna critéir roghnúcháin le haghaidh bia agus le haghaidh […] **cúnamh ábharach bunúsach** i gcás inarb iomchuí, chun aistriú glas atá cóir agus cothrom a áirithiú […]. i gcás inarb iomchuí, roghnófar cineál na dtáirgí bia a bheidh le dáileadh tar éis breithniú a dhéanamh ar an dóigh a rannchuideoidh na táirgí sin le haiste bia chothrom a bheith ag na daoine is díothaí. Is féidir an bia agus/nó an cúnamh ábharach bunúsach a sholáthar go díreach do na daoine is díothaí nó go hindíreach, mar shampla, trí bhíthin dearbhán nó cártaí, i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm eile, ar choinníoll nach féidir iad a fhuascailt ach amháin i gcomhair bia agus/nó cúnamh ábharach bunúsach. […]

(3) Maidir leis an gcabhair a sholáthraítear faoi chuimsiú na tacaíochta chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábharach, áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go ndéanfar dínit na ndaoine is díothaí a urramú léi agus go gcoiscfear stiogmatú na ndaoine sin. **i gcás ina dtugtar tacaíocht trí bhia agus/nó cúnamh ábharach bunúsach, eisiafar na daoine is díothaí ó rialuithe agus ó iniúchtaí, ach amháin má shuitear le measúnú riosca go bhfuil riosca sonrach neamhrialtachta nó calaoise ann.**

(4) Comhlánóidh na Ballstáit […] **dáileadh** bia agus/nó cúnamh ábharach bunúsach trí bhearta tionlacain a **dhéanamh** […].

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír […] i gcás nach féidir na bearta sin […] a **dhéanamh**, mar shampla, i gcás ina gcuirtear an tacaíocht ar fáil mar fhreagairt ar staid éigeandála amhail tubaiste nádúrtha.

(5) […] i **gcás inarb iomchuí,** […] **agus i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le pleananna CNR] agus Rialachán (AE) [an Rialachán Feidhmíochta], féadfar tacaíocht chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábharach a sheachadadh gan é a bheith de cheangal** na daoine is díothaí a **shainaithint** […] **ag an bpointe seachadta, i gcás nach bhfuil gá leis an sainaithint sin**.

*Airteagal 7*

**Comhpháirtíocht**

Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirtíocht fhóinteach na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le tacaíocht a sholáthar le haghaidh beartais fostaíochta ardcháilíochta, oideachais agus […] **oiliúna** agus cuimsithe sóisialta i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán XX [[…] an Rialachán maidir le **Pleananna CNR**].

*Airteagal 8*

**Coiste arna bhunú faoi Airteagal 163 CFAE**

(1) Tabharfaidh an Coiste arna bhunú faoi Airteagal 163 CFAE (‘Coiste CSE’) cúnamh don Choimisiún maidir leis an tacaíocht a sholáthraítear do na […] **cuspóirí ginearálta** dá dtagraítear in Airteagal 3(1) […] **pointí (c)(i) go (c)(v) agus (e)(i) de,** de Rialachán […] **(AE) [an Rialachán maidir le pleananna CNR**].

(2) Ceapfaidh gach Ballstát ionadaí amháin ón rialtas, ionadaí amháin ó eagraíochtaí na n-oibrithe, ionadaí amháin ó eagraíochtaí na bhfostóirí agus ionadaí malartach do gach comhalta ar feadh uastréimhse 7 mbliana. Mura mbeidh an comhalta i láthair, beidh an t-ionadaí malartach i dteideal páirt a ghlacadh sna himeachtaí go huathoibríoch. Ar Choiste **CSE** beidh ionadaí amháin ó gach ceann de na[…]**heagraíochtaí** lena ndéantar ionadaíocht d’eagraíochtaí na n-oibrithe agus d’eagraíochtaí na bhfostóirí ar leibhéal an Aontais freisin. **Féadfaidh Coiste CSE, lena n-áirítear a mheithleacha, cuireadh a thabhairt d’ionadaithe páirtithe leasmhara, nach bhfuil vóta acu, freastal ar a chruinnithe. Féadfaidh ionadaithe de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus an Chiste Eorpaigh Infheistíochta mar aon le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta a bheith san áireamh leis sin.**

(3) Féadfaidh Choiste **CSE** tuairimí a thabhairt maidir le […]**:**

**(a) saincheisteanna maidir le cur chun feidhme CSE;**

**(b) ceisteanna a bhaineann le rannchuidiú CSE le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear moltaí tírshonracha agus tosaíochtaí a bhaineann leis an Seimeastar Eorpach;**

**(c) saincheisteanna a bhaineann le Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna CNR] atá ábhartha maidir le CSE.**

**Is le tromlach glan na vótaí a caitheadh go bailí a ghlacfar tuairimí Choiste CSE, agus cuirfear in iúl iad, chun críche faisnéise, do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún.**

**Cuirfidh an Coimisiún Coiste CSE ar an eolas, i scríbhinn, faoin gcaoi ar chuir sé tuairimí an Choiste san áireamh.**

Airteagal 9

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an […] lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Plean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí le haghaidh na tréimhse 2028-2034.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtaránAn tUachtarán*